# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/128

Galway County Council Archives

"Irish Press" 26-8-38

GP2/128

# Gearr-Scéalaiḋe Ábalta

**An Geall a Briseaḋ, agus Scéalta eile. Tomás Bairéad do scríoḃ. 245 lċ. (Foillseaċáin Rialtais.) Leaṫ-ċoróin.**

TRÍ cinn déag de ġearr-scéalta atá sa leaḃar seo, an dara leaḃar dá sórt a ṫáinic ċugainn ó láiṁ Tomáis Bairéid taoḃ istiġ de ḃliaḋain. Ḃí a ċáil mar scéalaiḋe bunuiġṫe ag an uġdar nuair a léiġeaḋ na trí scéalta déag d'foill-

**Léirmheas le**

**P. B.**

ris sé sa ċéad ċnuasaċ fá'n teideal "Cumaċt na Cinneaṁna," agus mura bfuil curṫa fós le n-a ċliú aige ins an dara leaḃar seo, tuigfiḋ luċt a léiġṫe naċ raiḃ dearmad ar biṫ orta nuair a ċuir siad fáilte roiṁe an ċéad uair mar ġearr-scéalaiḋe fiúntaċ ábalta.

● ● ●

Nuair adeirimid naċ bfuil curṫa le n-a ċliú aige ins an leaḃar seo atá fá ṁeas againn, sé ṁeasamaid a ċur i n-uṁail naċ bfuil mórán

iongantaċ ṫar mar ḃí sa ċéad ċnuasaċ aige, sa leaḃar seo. An teilgean cainnte, an moḋ innste agus an stíl i gcoitċinne, níl sé le ḃraistin orta go bfuil siad níos fearr ná níos foirḃṫe ar ḋóiġ ar biṫ ná mar ḃí siad ins na scéalta eile úd; agus 'sé ṁeasfaḋ duine naċ saoṫar é seo a rinne sé tréis an ċeird a foġluim ins na h-iarraċta eile úd, aċ gur bailiġeaḋ na scéalta isteaċ i ndá imleaḃar gan aon áird a ṫaḃairt ar an órd i n-ar scríoḃaḋ iad.

Agus, dálta an scéil, cad ċuige naċ ndéarnaḋ an dá imleaḃar sin ar aon dul maidir le crot, ceangal agus araile?

● ● ●

Is mór an t-áḋḃar sásaiṁ do'n scríb-léiġṫeoir greim a ḃeiṫ ag an scríbneóir ar a ċéird, agus inṁe agus ábaltaċt á taisbeáint ina ċuid saoṫair. Sin mar atá sé ag Tomás Bairéad. Riteann ealaḋain na cumaḋóireaċta go h-éascaiḋ leis, agus innseann sé a scéal go nádúrṫa ciuin i gcainnt ḃlasta saiḋḃir. Na daoine a castar ort i n-a scéalta, siad na daoine céadna iad a castar ort i rit do ṡaoġail ar sráideaċa na caṫraċ nó ar ḃealtaiġe móra na tíre. Tig siad, maireann siad ar na leaṫanaiġ seo, agus sluġtar iad

**Daoine ag dul ar an Aifreann i bfíor-ṫuaisceart na Fion-lainne.**

i measc na sluaiġte a ṫéiġeann an bealaċ gaċ lá.

● ● ●

D'féadfaḋ duine a ráḋ go bfuil an stíl neiṫeaṁail ag Tomás—dá mb'áil leis nod amáin a ċeapaḋ a léiriġeaḋ scríḃinní an uġdair. Aċ an neiṫeaṁlaċt seo, ní h-ionann í agus an realism úd le n-ar tuill scríbneóirí Béarla na tíre seo náire agus scannail dúinn. Níl aon gáirse ná garḃtaċt ná brocamas annseo, aċ scéalaiḋeaċt díreaċ fírinneaċ. Buaiḋeann an Bairéadaċ ar ċuid eile de scríbneóirí na Gaeḋilge sa ṁéid naċ ngéilleann sé do ṁaoṫḃuiġe ná do roscaiḋeaċt cainnte.

Má tá aon scéal amáin ins na sé scéalta fiċead dá ċuid a taisbeánann árd-ċáiliḋeaċt samluiḋeaċta agus cumadóireaċta, sé "Sionnaċ Gleann na Siḋe" an scéal sin. Má scríobtar mórán eile scéal ar an ċaiġdeán céadna feabais ní ḃeiḋ aon ḃaoġal feasta ar nua-litriḋeaċt na Gaeḋilge.

Focal amáin don Ġúm: naċ féidir, an tráṫ seo den tsaoġal, áḋbar léiġṫeóireaċta a ċur ar fáġáil i nGaeḋilg naċ mbeiḋ millte ag earráideaċa cló?

**Gaeḋeal-Ċlár Radió Éireann**

6.20—Piseóga: le Nioclás Tóibín.

6.35—Sgáṫán na nGaeḋeal.